Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2008**

# EALAÍN

## Sceitseáil Beo-Ábhair

### Gnáthleibhéal

Tá 50 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 12.5% den mharc iomlán ar an Ealaín

**Dé hAoine, 9 Bealtaine     Tráthnóna 2.00 – 3.00**

Tá an páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí **Dé Céadaoin, 30 Aibreán**

---

## Treoracha do Mhúinteoirí Ealaíne agus d'Fheitheoirí

Dhá sceitse den chuspa atá sa scrúdú. Staidiúir cúig nóiméad déag atá sa chéad cheann. Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi agus a thógfaidh timpeall tríocha nóiméad atá sa dara ceann.

**Ní gá don chuspa éadaí speisialta a chaitheamh.**

**Is gá na frapaí seo a leanas:**

- **Cathaoir agus mála scoile don dara staidiúir.**

Beidh sé de chead ag an gcuspa idir a deich agus cúig nóiméad déag san iomlán a ghlacadh mar thréimhsí sosa le linn an scrúdaithe. Is féidir na tréimhsí sosa a eagrú mar a oireann. Beidh siad sin san áireamh san uair an chloig iomlán atá ceadaithe don scrúdú.

Tá cead ag iarrthóirí leanúint lena gcuid oibre ar an líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa agus sa bhriseadh idir na staidiúirí.

Deichniúr iarrthóirí ar a mhéad a cheadaítear i mbun líníochta le cuspa amháin. Ba chóir ligean d'iarrthóirí suí níos cóngaraí don chuspa agus an dara staidiúir ar siúl, más mian leo sin.

## Treoracha d'Iarrthóirí

Iarrtar ort **dhá** líníocht a dhéanamh den chuspa mar seo a leanas:

(a) Staidiúir 15 nóiméad atá sa chéad cheann a bhfuil cur síos air sa scrúdpháipéar seo, (Staidiúir (a)) agus ní mór líníocht den fhíor iomlán a dhéanamh.

(b) Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi a bheidh sa dara ceann a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo (Staidiúir (b)), staidiúir a mhairfidh 30 nóiméad. Is féidir an fhíor iomlán a roghnú **nó** an cloigeann agus na guaillí/leathfhíor.

N.B. Má roghnaíonn tú an cloigeann agus na guaillí/leathfhíor meabhraítear duit **nach** leor an cloigeann agus an muineál amháin a tharraingt. Ní mór an staidiúir a tharraingt mar atá sé socraithe, agus an cloigeann, an muineál, na guaillí agus na géaga uachtair ar a laghad a bheith san áireamh.

Ní mór an líníocht a dhéanamh ó bheith ag breathnú go díreach ar an gcuspa.

Tá cead agat leanúint leis an obair ar an líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa agus sa bhriseadh idir na staidiúirí.

Méid an pháipéir: A2

Más mian leat páipéar éagsúil a úsáid seachas an páipéar a thugtar duit, ní mór don fheitheoir cúl na bileoige a shíniú **sula dtosaíonn** an scrúdú á dheimhniú go bhfuil sí folamh.

Ní mór bileog ar leith a úsáid do gach staidiúir.

Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal atá i gceist go soiléir ar gach bileog líníochta.

Is féidir aon mheán líníochta a úsáid, agus dath san áireamh. Ní mór don mheán triomú go tapa, ámh.

Is féidir an cúlra a chur in iúl.

**Ná dean** do shaothar críochnaithe **a bhearradh ná a fheistiú.**

## (a) An Chéad Staidiúir – Achar ama 15 nóiméad (20 marc)

***Tá an cuspa ina s(h)easamh agus:***

- na cosa scartha
- an chos dheas beagán chun tosaigh
- an meáchan anuas ar an gcos chlé
- na lámha laistiar den droim
- an lámh dheas ag breith ar an lámh chlé
- an cloigeann ag féachaint ar clé.

## (b) An Dara Staidiúir – Achar ama 30 nóiméad (30 marc)

***Tá an cuspa ina s(h)uí caol díreach ar chathaoir agus:***

- na cosa go daingean ar an talamh agus é/í ag féachaint amach roimhe/roimpi
- an mála scoile ina luí ar na glúine
- dhá ghéag na lámh fáiscthe timpeall ar an mála, an lámh dheas faoi ghéag na láimhe clé agus an lámh chlé faoi ghéag na láimhe deise.
- an cloigeann ag féachaint chun tosaigh.

LEATHANACH BÁN